12. Fóram an Cheoil in Éirinn
13. Gallery of Photography
14. Tionscnamh Bhunscoileanna an Lárcheantair Chathrach (an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Comhpháirtíocht Lárcheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath)
15. Cumann Músaem na hÉireann
16. An Líonra Ceoil
17. Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
18. An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha
19. Coláiste Náisiúnta na hÉireann
20. Ard-Mhúsaem na hÉireann
21. Amharclann Náisiúnta na hÉireann
22. Clár Náisiúnta Ealaíon na nÓg (Comhairle Náisiúnta Óg na hÉireann)
23. Cumann Cheoldráma na hÉireann
24. Éigse Éireann
25. Scéalta Shamhna
26. Team Theatre Company
27. Maoin Bharra an Teampaill
28. An Chomhairle Ealaíon
29. An Mol Digiteach
30. Fóram Amharclann Éireann



Foscríbhinn A

Na Príomhnithe atá bainte amach ag an tSeirbhís Ealaíon

1. Bunaíodh 'Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath' atá anois ann le seacht mbliana.
2. Fuarthas Duais Thionscnamh Pobail an Chéid de chuid na nÚdarás Áitiúil (€158.720) chun tacaíocht a thabhairt do Common Ground, eagraíocht forbartha ealaíon atá ag obair i measc Phobal Canálacha Bhaile Átha Cliath agus atá ag tógáil stiúideonna in Rialto.
3. Bunaíodh 'Ceoldráma faoin Spéir' atá anois ann le cúig bliana.
4. Cruthaíodh comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí amhail Seirbhís Óige Chathair Bhaile Átha Cliath agus City Arts chun ceardlanna sna hEalaíona a réachtáil do dhaoine óga.
5. Bunaíodh Cadmus – Tionscadal Taighde dá bhliain i nGníomhaíochtaí Ceoil atá á mhaoiniú i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. Tá Cadmus dírithe ar obair na gceoltóirí i mBanna Fhionnghlas, i dTionscadal Óige Bhaile Munna agus in Ionad Cúraim Lae Rialto.
6. Cuireadh Tionscadail Ealaíon Nuálaíoch Sealadach Poiblí chun cinn, m.sh. Café in the Sky, Lady Hare and Dog.
7. Forbraíodh Clár Oiliúna sna hEalaíona d'Amaitéaraigh.
8. Eagraíodh Tionscadal Oiliúna agus Meantóireachta sa Dráma do 10 múinteoirí i lárcheantar na Cathrach i gcomhar le Tionscnamh Bhunscoileanna Lárcheantar Bhaile Átha Cliath.
9. Cuireadh forbairt Stiúideonna Ealaíontóirí agus Ceardaithe na Stáblaí Dearga chun cinn.
10. Príomhpháirtí i dtionscnamh agus i bhforbairt 'Fhéile Drámaíochta ar an Imeall Bhaile Átha Cliath'.
11. Tugadh tacaíocht d'obair a ghabh leis an CD/caiséad 'Dublin 15 - Poems of the City' a chur ar fáil.
12. Soláthraíodh bunmhaoiniú agus tacaíocht do 'Thionscadal Ceoil Bhaile Formaid'.





9. Acmhainní na Seirbhíse Ealaíon

Sprioc 5: Seirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mhéadú.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>1. Tuilleadh maoinithe a aimsiú don tSeirbhís Ealaíon.</p>	<p>Moltar gur de réir a chéile thar thréimhse trí bliana an Phlean a sholáthrófar an buiséad atá riachtanach chun an Plean don tSeirbhís Ealaíon 2006 – 2009 a chur i gcrích.</p> <ul style="list-style-type: none"> ❖ I rith na tréimhse 2005/2006 beartaítear go sannfar Oifigeach Cúnta Ealaíon do gach ceann de na cúig cheantar de chuid na Comhairle Cathrach. Is trí earcú a dhéanfar sin. ❖ Chun forbairt na nEalaíon a spreagadh sa phobal cuirfear suim nua €200,000 ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don chreatlach nua Ealaíon sna 5 cheantar. ❖ Tabharfaidh an Roinn Comhshaoil agus Cultúir cúnaimh bainistíochta agus riaracháin do na hEalaíona agus don Oifig Ealaíon de réir mar is cuí. ❖ Beartaítear suim €100,000 le haghaidh Deontas Ealaíon a chur leis an soláthar €350,000 atá ann. ❖ Aithnítear gur cheart go méadóidh buiséad na nEalaíon i rith saolré an Phlean. ❖ Tá sé tábhachtach go dtabharfar faoi deara go bhfuil na meastacháin airgeadais/costais nua thuas don bhliain 2006 sealadach agus go bhfuil siad faoi réir riachtanais mheastachán foriomlán na Comhairle Cathrach. 	<p>An Bainisteoir Cúnta Cathrach, an Bainisteoir Feidhmiúcháin Airgeadais, na Baill Thofa</p>

8. Na hEalaíona i gComharsanachtaí na Cathrach

Sprioc 3: Réimse Seirbhísí Ealaíon a fhorbairt agus a sholáthar ar fud Chomharsanachtaí na Cathrach.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>3. Réimsí Tacaíochta a sholáthar d'Ealaíontóirí.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Na Stiúideonna d'Ealaíontóirí agus do Cheardaithe a chríochnú sna Stáblaí Dearga, Ráth Eanaigh. 2. Plean gnó/feidhme 3 bliana a ullmhú do na Stáblaí Dearga. 3. An LAB a bhunú mar ionad tacaíochta d'Ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn. 4. Plean gnó/feidhme 3 bliana a ullmhú don LAB. 5. 'An Clár Oiliúna do Thaibheoirí Gairmiúla' a fhorbairt. 6. Clár le haghaidh Ealaíontóirí Cónaitheacha a dhámhachtain. 7. Clár 'Sparánachtaí d'Ealaíontóirí' a réachtáil. 8. An Clár Meantóireachta d'Ealaíontóirí a éascú. 	<p>An tOifigeach Cúnta Ealaíon</p>

8. Na hEalaíona i gComharsanachtaí na Cathrach

Sprioc 3: Réimse Seirbhísí Ealaíon a fhorbairt agus a sholáthar ar fud Chomharsanachtaí na Cathrach.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>2. Soláthar díreach ón tSeirbhís Ealaíon a éascú i gComharsanachtaí na Cathrach.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. An Clár 'Ealaíontóirí sa Phobal' a fhorbairt agus a bhainistiú. Is tríd an gclár sin, i gcomhar le hEagraíochtaí Ealaíon, Óige, Pobail agus Oideachais agus le hEagraíochtaí Eile, a chuirfear an tSeirbhís Ealaíon ar fáil i gComharsanachtaí na Cathrach. 2. Painéal Ealaíontóirí a bhunú sa Phobal agus iad oilte i réimse cuí scileanna. 3. Leanúint de bheith ag reáchtáil 'Ceardlanna sna hEalaíona' d'ealaíontóirí amaitéara. 4. Tacaíocht a thabhairt do 'Sheachtain i mBun Scannán' don aos óg. 5. An Tionscadal 'Tá Cuma an Cheoil air' a eagrú agus a reáchtáil. 6. Tacaíocht a thabhairt d'fhéilte áitiúla agus d'imeachtaí séasúracha m.sh. Tionscadail Samhraidh agus Imeachtaí Oíche Shamhna. 7. Comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt chun tacú le foirmeacha ealaíne ar leith a bhfuil sin uathu i gceantair áitiúla. 8. Féile nua Ealaíon don Aos Óg a eagrú agus a bhainistiú. 9. Cur le leibhéal na tacaíochta a thugtar do Tionscadail Ilchultúir sna hEalaíona. 10. Leanúint de bheith ag tacú le tionscnaimh nuálaíocha. 	<p>An tOifigeach Cúnta Ealaíon</p>



8. Na hEalaíona i gComharsanachtaí na Cathrach

Sprioc 3: Réimse Seirbhísí Ealaíon a fhorbairt agus a sholáthar ar fud Chomharsanachtaí na Cathrach.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>1. Cur le cumas soláthróirí Seirbhísí Ealaíon i gComharsanachtaí na Cathrach.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Soláthar seirbhíse a mheasúnú i ngach ceann de na cúig thoghcheantar agus faisnéis ón Iniúchadh ar Mhapáil Gnóthaí Ealaíon agus Cultúir a chur san áireamh. 2. Clár a fhorbairt agus a bhainistiú do Sholáthróirí Seirbhísí Ealaíon chun cur ar a gcumas a soláthar a mhéadú. Tabharfaidh an clár sin tacaíocht struchtúrtha do sholáthróirí Seirbhísí Ealaíon i gComharsanachtaí na Cathrach. Soláthróirí Seirbhísí Ealaíon amhail: Eagraíochtaí Ealaíon, Óige, Pobail agus Oideachais agus Eagraíochtaí Eile. 3. Buncheardlanna Ealaíon a sholáthar do Cheannairí Pobail agus do Cheannairí Óige. 4. Dianoiliúint i bhFoirmeacha Ealaíne a thabhairt d'Oibrithe Óige, d'Oibrithe Pobail, do Mhúinteoirí agus do dhaoine eile amhail baill foirne Leabharlainne. 5. 'Modúl sna hEalaíona' a cheapadh do Chlár na Céime in Obair don Óige i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgáin. 6. Eiseamláir tacaíochta a cheapadh agus líonra a chruthú i measc na nIonad Ealaíon/Óige/Pobail sna Comharsanachtaí. 7. Clár sna hEalaíona a cheapadh don phobal atá ag dul anonn in aois sa Cathair. 8. Iarratais ar Dheontais na Seirbhísí Ealaíon a phróiseáil agus a mheasúnú. 	<p>An tOifigeach Cúnta Ealaíon</p>

7. Ceannasaíocht agus Bonneagar do na hEalaíona

Sprioc 2: Tuilleadh ceannasaíochta a sholáthar do na hEalaíona i mBaile Átha Cliath.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>3. Forbairt a dhéanamh ar Phríomhfhéilte Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath agus tacú leo.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Leanúint de bheith ag tacú leis na Príomhfhéilte Ealaíon amhail: Féile Scannánaíochta Bhaile Átha Cliath, An Fhéile Idirnáisiúnta Rince, Pátrún na Féile Pádraig, Féile Drámaíochta Aeráí Bhaile Átha Cliath, Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath, Lá Bloom, Séasúir an Earraigh agus an Fhómhair de Chumann Cheoldráma na hÉireann, Féile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath agus An Fhéile Drámaíochta ar an Imeach. 2. Forbairt na bhFéilte a éascú chun gur éifeachtaí a bhainisteofar iad, go mbeidh siad níos inbhuanaithe agus go leanfaidh siad de bheith ag fás. 3. Clár an 'Cheoldráma faoin Spéir' a fhorbairt. 4. Bheith ag obair i gcomhpháirtíocht chun féilte ilchultúir atá ag teacht chun cinn a fhorbairt. 5. Leanúint de bheith ag tacú le Féile Bhliain Úr na Síneach. 6. Soláthar árachais a chur san áireamh le haghaidh imeachtaí beaga Ealaíon amuigh faoin spéir. 	<p>An tOifigeach Ealaíon</p>

7. Ceannasaíocht agus Bonneagar do na hEalaíona

Sprioc 2: Tuilleadh ceannasaíochta a sholáthar do na hEalaíona i mBaile Átha Cliath.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>2. Réimse Tionscadal nuálaíoch Bonneagair a chruthú sna hEalaíona.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. I gcomhar le Maoin Bharra an Teampaill, féachaint le hEaglais Naomh Micheál agus Naomh Eoin a fhorbairt mar áit le haghaidh réamhléirithe don lucht taibh-ealaíon san earnáil drámaíochta neamhspleáiche agus san earnáil cheoil. 2. Dul i gcomhar leis an Roinn Pleanála chun réimse tionscadal nuálaíoch bonneagar ag Ealaíontóirí a aimsiú ag an gcéim réamhpleanála sa Chlár Athghiniúna Uirbí. Cóiríocht d'Ealaíontóirí, áiteanna oibre, áiteanna le haghaidh réamhléirithe agus taibhléirithe a sholáthar i gceantair amhail: <ol style="list-style-type: none"> (i) Na Dugthailte Thuaidh agus Theas (ii) Leithinis an Phoill Bhig (iii) Ceantar Athghiniúna Heuston (iv) Suíomh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin (comhoibriú leis An gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD)) (v) Ceantar na Margáí taobh thiar de Shráid Chéipil (vi) Ceantar an Cholbha Thuaidh (vii) Maoin de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí i gCearnóg Parnell 3. Comhpháirtíochtaí a bhunú idir an Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Phríobháideach chun Mórthionscadail Bhoneagair sna hEalaíona a fhorbairt. 4. Maoiniú breise a lorg do Thionscadail Bhoneagair ag Ealaíontóirí tríd an tionscnamh Gnóthachan Pobail sa chéad bhabhta eile de Scéim na dTobhach ar Fhorbairt. 5. Bheith ag obair le réimse comhpháirtithe chun Cumainn Tithíochta agus Áiteanna Oibre Inbhuanaithe d'Ealaíontóirí a bhunú 	<p>Bainisteoir Feidhmiúcháin na nEalaíon, an tOifigeach Ealaíon agus an Líonra Réigiúnach Ealaíon.</p>



7. Ceannasaíocht agus Bonneagar do na hEalaíona

Sprioc 2: Tuilleadh ceannasaíochta a sholáthar do na hEalaíona i mBaile Átha Cliath.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>1. Fóram Ealaíon a bhunú do Chathair Bhaile Átha Cliath.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Fóram Ealaíon a bhunú do Chathair Bhaile Átha Cliath trí Oifig Ard mhéara na Cathrach. 2. I gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara eile, na seirbhísí a aimsiú atá riachtanach le haghaidh larsmalainne, Amharclainne agus Ionad Ceoil / Áras Ceoldráma don Chathair. 3. A fháil amach, i gcomhar leis na cúig Institiúid Náisiúnta Chultúir, mar atá, an Músaem, an Amharclann, an Ceoláras, an Dánlann agus an Leabharlann, an cúí sainchúram a dhéanamh den chathair agus conas is féidir leis na páirtithe lena mbaineann comhoibriú chun seirbhís a sholáthar don chathair. 4. Leanúint de bheith ag forbairt Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane agus ag tabhairt tacaíocht di. Tacú le forbairt leanúnach Chlár For-Rochtana Dhánlann na Cathrach. 5. Tacú le bunú Leabharlann Chathrach nua. 6. Líon agus éagsúlacht na dtionscadal faoin Scéim 'Céatadán don Ealaíon' a mhéadú agus iad a athbheochan. 7. Clú Bhaile Átha Cliath a mhéadú mar 'Chathair Litríochta de chuid na hEorpa' agus é a mhargú amhlaidh. 8. Tacú le gníomhaireachtaí ar comhpháirtithe iad chun Imeachtaí Móra Idirnáisiúnta sna hEalaíona a mhealladh go Baile Átha Cliath. 9. I gcomhar leis na comhpháirtithe, feabhas a chur ar na naisc sna hEalaíona idir na cathracha sin atá nasctha linn, mar atá, Learpholl, Barcelona agus San José CA. 	<p>Bainisteoir Feidhmiúcháin na nEalaíon</p>

6. Cumarsáid agus Faisnéis faoi na hEalaíona

Sprioc 1: Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar fhaisnéis faoi na hEalaíona.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>3. Cur le cumas bhall foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus iad i mbun na Seirbhíse Ealaíon.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. 'Pacáiste Eolais faoin tSeirbhís Ealaíon' a chur le chéile don Chlár Ionduchtúcháin Foirne. 2. 'Pacáiste Eolais faoin tSeirbhís Ealaíon' a chur le chéile do Chláir Fhorbartha Foirne agus Bainisteoirí. 3. Nuashonrúcháin faoin tSeirbhís Ealaíon a thabhairt don Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach. 4. Clár Ealaíon don Fhoireann agus do na Baill Thofa a chur san áireamh. 	<p>An tOifigeach Ealaíon.</p>
<p>4. An Plean don tSeirbhís Ealaíon a luacháil agus a rianú.</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cur chuige gníomhaíochta taighde a cheapadh (cur chuige atá bunaithe ar mheastóireacht leanúnach) chun an dul chun cinn i bhfeidhmiú an Phlean do na hEalaíona a rianú. 2. Tuarascálacha ar an dul chun cinn sa Phlean Gníomhaíochta don tSeirbhís Ealaíon a chur faoi bhráid na Meithle Ealaíon. 3. An Tuarascáil Mheastóireachta Bhliantúil ar an tSeirbhís Ealaíon a scaipeadh go forleathan. 	<p>Meitheal Ealaíon an CBS, Bainisteoir Feidhmiúcháin na nEalaíon.</p>

6. Cumarsáid agus Faisnéis faoi na hEalaíona

Sprioc 1: Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar fhaisnéis faoi na hEalaíona.

Beart:	Tairseacha Tábhachtacha:	Freagracht:
<p>1. Grúpa Cumarsáide Idir-Rannach Ealaíon a bhunú.</p>	<ol style="list-style-type: none"> Cumarsáid a fheabhsú idir na ranna éagsúla i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhíonn ag soláthar tacaíochta do na hEalaíona. Liosta cuimsitheach a dhéanamh de gach tionscnamh sna hEalaíona atá ag fáil tacaíochta ó na ranna éagsúla. Polasaí Ealaíon atá mínithe go soiléir agus a bhfuil comhaontú air a cheapadh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Comhordú a dhéanamh ar an réimse tionscnamh atá ag fáil tacaíochta ón gComhairle Cathrach chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann. Leanúint de bheith ag Beochan Áiteanna san Fhearann Poiblí chun tuilleadh deiseanna a thabhairt don phobal ar na hEalaíona. Líomhchóiriú a bheith ar an gcóras ar fud na heagraíochta chun imeachtaí Ealaíon a cheadú. Torthaí taighde ar Sheirbhísí Ealaíon in údaráis áitiúla eile a chraobhscaoileadh agus an cleachtas is fearr sa tSeirbhís Ealaíon a aimsiú. 	<p>Bainisteoir Feidhmiúcháin na nEalaíon, an tOifigeach Ealaíon agus ionadaithe ó gach roinn de chuid na Comhairle Cathrach.</p>
<p>2. Straitéis Faisnéise faoin tSeirbhís Ealaíon a cheapadh.</p>	<ol style="list-style-type: none"> Leathanach Idirlín a chruthú don tSeirbhís Ealaíon ar shuíomh Idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Réimse bróisiúr faisnéise de chuid na Seirbhíse Ealaíon a dhéanamh agus a scaipeadh go forleathan. A chinntiú go mbeidh eolas ón tSeirbhís Ealaíon ann go rialta i réimse foilseachán. Eolas faoi na critéir nua le haghaidh Dheontais na Seirbhíse Ealaíon a scaipeadh ar an lucht Ealaíon i gcoitinne. Modhanna eile a scrúdú chun na hEalaíona a mhíniú do phobal Chathair Bhaile Átha Cliath. 	<p>An tOifigeach Ealaíon</p>

2. Baill Mheitheal Ealaíon an CBS

Is iad baill Mheitheal Ealaíon Choiste Beartais Straitéisí (SPC) Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige:

An Comhairleoir Brian Gillen - Cathaoirleach CPS, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An tUasal Tania Banotti – Fóram Amharclann Éireann

An Comhairleoir Michael Conaghan - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An tUasal Paul Doyle – Cumann Músaem na hÉireann

An tUasal Deirdre Ellis-King – Leabharlannaí na Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An Comhairleoir Mary Freehill - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An tUasal Jack Gilligan – Oifigeach Ealaíon, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An tUasal Orlaith Mc Bride – Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg

An tUasal Patricia Hunt -Comhairleach don Mheitheal Ealaíon

3. Spriocanna na Seirbhíse Ealaíon

Aimsíodh na spriocanna seo a leanas chun feabhas mór a chur ar Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

1. Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar fhaisnéis faoi na hEalaíona.
2. Tuilleadh ceannasaíochta a sholáthar do na hEalaíona i mBaile Átha Cliath.
3. Réimse Seirbhísí Ealaíon a sholáthar ar fud Chomharsanachtaí na Cathrach.
4. Seirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mhéadú.

4. Tosaíochtaí na Seirbhíse Ealaíon

Aimsíodh na tosaíochtaí seo a leanas le haghaidh Phlean Gníomhaíochta na Seirbhíse Ealaíon 2006 – 2009.

1. Acmhainní fóna a sholáthar do Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
2. A chinntiú go gcuirfear Seirbhísí Ealaíon ar fáil ar fud Chomharsanachtaí na Cathrach.
3. Ceannasaíocht a chruthú don lucht Ealaíon agus bonneagar a fhorbairt sna hEalaíona.
4. Seirbhís Ealaíon is comhsheasmhaí, is trédhearcaí agus is líomhchóirithe a sholáthar.

5. Torthaí ón tSeirbhís Ealaíon

1. Beidh daoine ar fud Bhaile Átha Cliath, agus go háirithe an t-aos óg agus leanaí, in ann teacht go furasta ar Sheirbhísí ardchaighdeáin Ealaíon agus bheith páirteach iontu.
2. Beidh sé níos fusa ag ealaíontóirí teacht a bheith acu ar áiteanna cónaithe agus oibre.
3. Maidir leis na Seirbhísí Ealaíon, beidh Baile Átha Cliath in ann bheith chun cinn san iomaíocht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
4. Gníomhóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar mhórfhórsa chun na hEalaíona a fhorbairt sa Réigiún.
5. Feicfear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar údarás áitiúil ceannródaíoch sa mhéid go mbeidh an tSeirbhís Ealaíon mar chuid lárnach den obair aici.
6. Feabhsófar na modhanna a gcomhordófar gníomhaíochtaí sna hEalaíona agus taobh istigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceapfar Polasaí Ealaíon a bheidh mínithe go soiléir.
7. Bainfear breis barainneachtaí an mhórsála amach; beidh sineirgíochtaí ann agus is mó ná riamh an breisluach a chuirfear leis an tSeirbhís Ealaíon taobh istigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.



Réamhrá – An Comhairleoir Brian Gillen, Cathaoirleach CPS



Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an *Straitéis Ealaíon agus Cultúir 2004-2009* aici i bhFeabhra 2004. Is mór an t-athrú a bhí i Straitéis sin na Comhairle Cathrach mar chur chuige i dtaobh na Seirbhíse Ealaíon. Sonraítear sa Plean seo don tSeirbhís Ealaíon 2006-2009 conas a fheidhmeofar na straitéisí. Is é an toradh é, mar straitéis, ar an gcaibidil a rinne Meitheal Ealaíon an Choiste Beartais Straitéisí (SPC) le haghaidh Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige.

Tá ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag athrú agus ag forbairt go gasta, amhail gach údarás áitiúil eile. Is é an ról aici, go bunúsach, gníomhú mar cheannaire cathrach agus mar cheannaire polaitiúil agus forbairt an cheantair atá faoina dlínse a éascú. Maidir leis na hEalaíona, tá ról an údarais áitiúil den tsamhail chéanna. Is é ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceannasaíocht a sholáthar do na hEalaíona agus forbairt na nEalaíon a éascú sa cheantar atá faoina dlínse.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath den tuairim gur seirbhís bhunriachtanach iad na hEalaíona mar gur barrthábhachtach an tionchar a bhíonn acu ar an gcaighdeán beatha againn. Tugann na hEalaíona deis don ghnáthdhuine bheith páirteach in obair chruthaitheach a mbíonn mórleamh uirthi agus léirítear iontu an sárchumas atá i ndaoine. Tugann na hEalaíona deis don phobal comhbhá a léiriú dá chéile mar phobal agus meabhrú tamall air sin. Maidir leis an eacnamaíocht, is mór an cuidiú iad na hEalaíona chun infheistíocht a mhealladh ón taobh amuigh, chun


líon na dturasóirí a mhéadú agus chun na scileanna sin a fhorbairt atá riachtanach i saol theicneolaíocht an eolais an lae inniu. Is féidir scileanna a bhaineann le nithe amhail cumarsáid, fiontraíocht, obair bhuíne agus modhanna chun fadhbanna a réiteach go cruthaitheach, a fhorbairt tríd na hEalaíona.

Caithfidh an Plean seo don tSeirbhís Ealaíon bheith solúbtha agus diongbhálte araon. Caithfidh sé bheith solúbtha agus freagairt don chaoi a n-athraíonn Cathair Bhaile Átha Cliath go gasta. Caithfidh sé bheith diongbhálte agus cloí leis na príomhthosaíochtaí amhail cumarsáid, ceannaireacht, soláthar do na comharsanachtaí agus acmhainní breise, má tá sé le feidhmiú ina iomláine. Tá ról na Comhairle barrthábhachtach mar cheannaire cathrach agus mar cheannaire polaitiúil má tá an Plean seo don tSeirbhís Ealaíon le cur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill an CBS (SPC) le haghaidh Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige, agus go háirithe le baill na Meithele Ealaíon, as an obair a rinne siad agus an Plean don tSeirbhís Ealaíon á dhréachtú. Tá an CBS (SPC) le haghaidh Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige tar éis an Plean seo don tSeirbhís Ealaíon a cheadú.

Déanfaidh an Coiste Polasaí Straitéisigh sin faireachán ar dhul chun cinn an Plean don tSeirbhís Ealaíon agus déanfaidh sé moltaí dá réir.

Cllr. Brian Gillen



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Achoimre ar an bPlean don tSeirbhís Ealaíon 2006 - 2009

Fís: Go gcuirfear taithí ar Bhaile Átha Cliath mar chathair uathúil ó thaobh na staire agus na n-ealaíon comhaimseartha agus é ar chomhchéim le haon Phríomhchathair eile san Eoraip.

Spriocanna	Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar fhaisnéis faoi na hEalaíona.	Tuilleadh ceannasaíochta a sholáthar do na hEalaíona i mBaile Átha Cliath.	Réimse Seirbhísí Ealaíon a sholáthar i gComharsanachtaí na Cathrach.	Seirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Bearta	<p>Grúpa Cumarsáide Idir-Rannach Ealaíon a bhunú.</p> <p>Straitéis Faisnéise faoi na hEalaíona a cheapadh.</p> <p>Cur le cumas bhaill foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus iad i mbun na Seirbhíse Ealaíon.</p> <p>An Plean don tSeirbhís Ealaíon a luacháil agus a rianú.</p>	<p>Fóram Ealaíon a bhunú do Chathair Bhaile Átha Cliath.</p> <p>Réimse Tionscadal nuálaíoch Bonneagair a chruthú sna hEalaíona.</p> <p>Forbairt a dhéanamh ar Phríomhfhéilte Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath agus tacú leo.</p>	<p>Sna 5 thoghcheantar:</p> <p>Cur le cumas soláthróirí Seirbhísí Ealaíon i gComharsanachtaí na Cathrach.</p> <p>Soláthar díreach ón tSeirbhís Ealaíon a éascú i gComharsanachtaí na Cathrach.</p> <p>Réimsí Tacaíochta a sholáthar d'Ealaíontóirí.</p>	<p>Tuilleadh maoinithe a aimsiú don tSeirbhís Ealaíon.</p>
Tairseacha Tábhachtac-ha	<p>Seirbhísí Ealaíon á soláthar ar bhealach is comhsheasmhaí agus is straitéisí.</p> <p>Méadú mór ar na hócáidí a bhíonn na hEalaíona ar fáil i Spásanna Poiblí.</p> <p>Líomhchóiríú a bheith ar an gcóras ar fud na heagraíochta chun imeachtaí Ealaíon a cheadú.</p> <p>Leathanach Idirlín na Seirbhíse Ealaíon a bheith ar Shuíomh Idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.</p> <p>Eolas faoi na critéir nua le haghaidh Dheontais na Seirbhíse Ealaíon a bheith scaipthe ar an lucht Ealaíon i gcoitinne.</p> <p>'Pacáistí Eolais faoin tSeirbhís Ealaíon' a bheith curtha le chéile agus scaipthe.</p> <p>Go mbeifear i ndiaidh cur le trégharcacht, le cuntasacht agus le foghlaim mar chuid den Phlean don tSeirbhís Ealaíon.</p>	<p>Fóram Ealaíon a bheith bunaithe do Chathair Bhaile Átha Cliath trí Oifig an Ardmhéara.</p> <p>Na seirbhísí a aimsiú atá riachtanach le haghaidh Iarsmalainne, Amharclainne agus Ionad Ceoil don Chathair.</p> <p>Leanúint de bheith ag tacú le Dánlann na Cathrach agus leis an Leabharlann Chathrach atá beartaithe.</p> <p>An Scéim 'Céatadán don Ealaíon' a athbheochan.</p> <p>Mar thosaíocht, áit le haghaidh réamhléirithe a sholáthar d'earnáil na n-amharclann neamhspleách agus don earnáil cheoil.</p> <p>Príomhthionscadail Bhonneagair Ealaíon a aimsiú agus pleanáil chucu.</p> <p>Tuilleadh maoinithe a aimsiú i scéim na dTobhach ar Fhorbairtí.</p> <p>Comhpháirtíochtaí a bhunú idir an Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Phríobháideach chun Tionscadail Bhonneagair sna hEalaíona a chur i gcrích.</p> <p>A chinntiú go mbeidh bonn níos inbhuanaithe faoi na Príomhfhéilte Ealaíon.</p>	<p>Clár a fhorbairt agus a bhainistiú do Sholáthróirí Seirbhísí Ealaíon chun cur ar a gcumas a soláthar a mhéadú. Soláthróirí Seirbhísí Ealaíon amhail Eagraíochtaí Ealaíon/Óige/Pobail/Oideachais.</p> <p>Eiseamláir tacaíochta a cheapadh agus líonra a chruthú i measc na nIonad Ealaíon/Óige/Pobail a chuireann seirbhísí Ealaíon ar fáil sna Comharsanachtaí.</p> <p>Iarratais ar Dheontais na Seirbhísí Ealaíon a phróiseáil agus a mheasúnú.</p> <p>An Clár 'Ealaíontóirí sa Phobal' a réachtáil sna 5 thoghcheantar.</p> <p>Pleananna gnó/feidhme 3 bliana a cheapadh do na Stáblaí Dearga agus don LAB aron.</p> <p>Tacaíocht a thabhairt d'Ealaíontóirí i réimsí amhail Faisnéis, Spásanna Oibre, Oiliúint, Cónaitheachtaí, Sparánachtaí agus Meantóireacht.</p>	<p>Moltar gur de réir a chéile thar thréimhse trí bliana an Phlean a sholáthrófar an buiséad atá riachtanach chun an Plean don tSeirbhís Ealaíon 2006 – 2009 a chur i gcrích.</p> <p>I rith na tréimhse 2005/2006 beartaítear go sanfhar Oifigeach Cúnta Ealaíon do gach ceann de na cúig cheantar de chuid na Comhairle Cathrach. Is trí earcú a dhéanfar sin.</p> <p>Chun forbairt na nEalaíon a spreagadh sa phobal cuirfear suim nua €200,000 ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don chreatlach nua Ealaíon sna 5 cheantar.</p> <p>Tabharfaidh an Roinn Comhshaoil agus Cultúir cúnaimh bainistíochta agus riaracháin do na hEalaíona agus don Oifig Ealaíon de réir mar is cúí.</p> <p>Beartaítear suim €100,000 le haghaidh Deontas Ealaíon a chur leis an soláthar €350,000 atá ann.</p> <p>Aithnítear gur cheart go méadóidh buiséad na nEalaíon i rith saolré an Phlean.</p> <p>Tá sé tábhachtach go dtabharfar faoi deara go bhfuil na meastacháin airgeadais/costais nua thuas don bhliain 2006 sealadach agus go bhfuil siad faoi réir riachtanais mheastachán foriomlán na Comhairle Cathrach.</p>

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Plean don tSeirbhís Ealaíon 2006-2009

Clár Ábhar:

Réamhrá	4
Baill mheitheal Ealaíon an CBS	5
Spriocanna na Seirbhíse Ealaíon	5
Tosaíochtaí na Seirbhíse Ealaíon	5
Torthaí ón tseirbhís ealaíon	6
Sprioc 1: Cumarsáid agus faisnéis faoi na hEalaíona	6
Sprioc 2: Ceannasaíocht agus bonneagar do na hEalaíona	8
Sprioc 3: Na hEalaíona i gComharsanachtaí na Cathrach	11
Sprioc 4: Acmhainní na seirbhíse ealaíon	13
Foscúbhinn a Na príomhnithe atá bainte amach ag an tSeirbhís Ealaíon	20
Foscúbhinn b Samplaí d'eagraíochtaí ar comhpháirtithe iad leis an tSeirbhís Ealaíon	21
Foscúbhinn c Samplaí de thionscadail phobail a bhfuil an tSeirbhís Ealaíon ag tacú leo	22
Foscúbhinn d Ról bhaill foirne na seirbhíse ealaíon	23

TEACHTAIREACHT Ó BHAINISTEOR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH



I 2004, le foilsíú Straitéis Ealaíon agus Cultúir 2004 do Bhaile Átha Cliath, luaigh mé fuinneamh nua sa chur chuige maidir le forbairt seirbhísí cultúrtha ar ardchaighdeán i mBaile Átha Cliath. D'fhonn gluaiseacht an athraithe a chothú, agus é á thacú ag an straitéis sin, mhol mé go bhforbrófaí Plean Gníomhaíochta chomh luath agus is féidir chun na buntáistí a bhféadfadh a bheith i gceist le foirmeacha comhtháite do sheachadadh seirbhísí, taobh istigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ach go háirithe.

Tharla forbairt an Phlean seo don tSeirbhís Ealaíon 2006-2009, mar thoradh ar go leor machnaimh, díospóireachta agus comhairliúcháin, cé gur threisigh an Straitéis leis chomh maith. Is í mo thuairim gur doiciméad substaintiúil é, a leagann amach cúrsa soiléir don fhorbairt shuntasach ar an tseirbhís reatha atá ann do na healaíona. Treoraíonn sé muid i dtreo na sprice atá againn, chun cumas cruthaitheach na saoránach go léir a chothú chomh maith le tacaíocht a thabhairt dár n-ealaíontóirí atá fadbhunaithe agus nua, chomh maith leis an mbonneagar áiseanna atá ag teastáil a fhorbairt. Go deimhin, is mór an tógáil croí é go bhfuil sé le feiceáil sa chéad bhliain de Phlean na nEalaíon, go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Cathrach Átha Cliath maidir le baint amach a spriocanna. Ina measc seo tá Dánlann na Cathrach An Hugh Lane, a ndearnadh athchóiriú agus leathnú suntasach uirthi, ionad ealaíon nua LAB, an tIonad Damhsa Náisiúnta nua

agus Stiúideoanna Ealaíontóra nua na Stáblaí Dearga. Tharla na feabhsuithe seo go léir le linn na chéad bhliana den Phlean agus léiríonn sé seo an tiomantas mór atá ag an gComhairle seo, chun cur ar fáil níos fearr a dhéanamh do na healaíona.

Caithfear comhghairdeachas a ghabháil le baill an Choiste um Beartais Straitéiseacha(SPC) le haghaidh Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige, atá faoi Chathaoirleacht Brian Gillen, as Plean chomh cuimsitheach a chur ar fáil. Caithfear moladh a thabhairt do bhaill Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a cheadaigh é go foirmiúil ag deireadh na bliana seo caite. Is dian an obair an rinne baill Mheitheal na nEalaíon, le comhairle luachmhar an Chomhairligh Ealaíon Patricia Hunt, chun an Plean Ealaíon a chur i gcrích agus is dóigh liom go gcuirfidh sé go mór le saol na saoránach amach anseo.

John Fitzgerald.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Plean don tSeirbhís Ealaíon 2006–2009

